

eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEÓIR I NDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Tuairisc ar Chigireacht Leantach

**Naíonra Ghleann Darach
Cromghlinn**

Dáta na Cigireachta: Feabhra 2008

CIGIREACHT LEANTACH I NAÍONRA GHLEANN DARACH, CROMGHLINN, CO AONTROMA BT29 4LA (3AB-0523)

Sa Chigireacht i Mí na Samhna 2006 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí in éiteas an ionaid agus sna tréimhsí fadaithe de dhiansúgradh táirgiúil, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna phríomhréimsí seo a leanas:

- inniúlacht na foirne ar úsáid na Gaeilge;
- na modhanna pleanála agus measúnaithe; agus
- an phleanáil agus na hacmhainní le haghaidh súgartha amuigh faoin spéir.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- Ceapadh ceannaire agus cúntóir nua agus chuaigh siad i mbun dualgas i Meán Fómhair 2007;
- fuarthas cóiríocht nua shoghluaiste;
- forbraíodh an áit súgartha amuigh faoin spéir;
- fuarthas acmhainní breise le haghaidh súgradh fisiceach agus súgradh amuigh faoin spéir;
- tá duine amháin den fhoireann i ndiaidh oiliúint a chríochnú ag Leibhéal 3 den chúrsa i gCáilíocht Náisiúnta Ghairmoideachais; agus
- tá an fhoireann i ndiaidh roinnt cúrsaí oiliúna a dhéanamh agus ina measc clár “Topstart” a chuireann béim ar fhorbairt choirp na bpáistí.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) cuairt chigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a tugadh ar 13 Feabhra 2008.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm:

- tá timpeallacht foghlama níos tarraingtí ar fáil ag na páistí de bharr an tseomra shoghluaiste nua;
- tá an caighdeán idirghníomhaíochta i nGaeilge idir an fhoireann agus na páistí an-ard anois;
- is léir ón dóigh a mbíonn na páistí a freagairt don fhoireann go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha;

